**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**
**Fuaim le logainmneacha Chontae Ros Comáin**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 272 logainm i gContae Ros Comáin. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Thiobraid Árann, Lú, Liatroma, Luimnigh, na Mí, Chill Chainnigh, Chill Mhantáin agus Chorcaí. An Dr. Caoimhín Ó Muirigh as Cruachán, Ros Comáin chuir fuaim le logainmneacha Ros Comáin.

Is suíomh Gréasáin poiblí é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 4.6 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (1,078 cuardach), is é *Ballina* an dara ceann is coitianta (677), agus tá *Tallaght* sa tríú háit (662). Tá *Cork* sa cheathrú háit, le 661 cuardach. Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae Ros Comáin go dtí seo ná *Roscommon* le 309 cuardach, *Boyle* le 259, *Elphin* le 242 agus *Roosky* le 211 cuardach.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit na Gaeltachta: "Is iontach an áis í logainm.ie do dhaoine proifisiúnta, do mhic léinn agus do dhaoine a bhfuil suim acu inár gcultúr agus teanga. Tá an-áthas orm go bhfuil forbairt agus dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar an acmhainn thábhachtach seo. Guím gach rath ar an tionscadal amach anseo."

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag FIONTAR, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

www.logainm.ie
Bunachar Logainmneacha na hÉireann
Placenames Database of Ireland

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

DCU